Rewarding Learning

ADVANCED
General Certificate of Education
2022 Reserve Series

Irish

Assessment Unit A2 2
(Section A)

assessing

Listening

[AIR21]

THURSDAY 23 JUNE, AFTERNOON

TRANSCRIPT

GCE Recording Instructions

Indicates track break

Each piece heard once only

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Education, Summer 2022 Reserve Series
Irish
Advanced
Listening

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided.

Make sure that you have clearly understood the instructions given on the front page of the question paper before you begin the examination.

1 "Is beag scoil na laethanta seo nach bhfuil comhairleoir gairmthreorach inti, ach ní mar sin a bhíodh. Ní cuimhin liom mórán comhairle a fháil i dtaca le slí bheatha de agus mé ar scoil. Ach, sa lá atá inniu ann, cuirtear béim ar an ghairmoideachas ón chéad lá sa mheánscoil."

"Leagann an Roinn Oideachais síos clár gairmoideachais agus caithfidh gach scoil é a leanstan. Tagann cigirí isteach ón Roinn gach cúpla bliain lena chinntiú go bhfuil an t-eolas is déanaí ó shaol na hoibre á scaipeadh i measc na ndaltaí."

"Sna luathbhlianta sna ranganna gairmthreorach, bíonn daoine óga ag foghlaim faoi shaol na hoibre agus faoi phoist áirithe. Agus iad níos sine, tugtar treoir dóibh faoin dóigh le hagallamh a dhéanamh. Cuirtear bréagagallamh ar achan scoláire i mbliain a dó dhéag le taithí a thabhairt dóibh."

"Tá eagraíocht darb ainm *Young Enterprise* a thagann isteach chuig an scoil áitiúil anseo gach bliain. Cuidíonn siad leis na scoláirí gnó dá gcuid féin a bhunú. Faigheann na scoláirí amach cad é mar a fheidhmíonn gnó agus bíonn faill acu cúpla punt a ghnóthú fosta."

"Síleann an Roinn Oideachais go bhfuil tuismitheoirí iontach tábhachtach i gcúrsaí gairmoideachais fosta. Mar sin de, bíonn ar na scoileanna seisiúin eolais a reáchtáil do thuismitheoirí sula roghnaíonn a gcuid páistí na hábhair don GCSE."

"Sula ndéanann scoláirí cinneadh ar bith faoi shlí bheatha, déanann siad taighde ar chuid mhór post. I ndiaidh dóibh taighde a dhéanamh, úsáideann siad bogearraí ríomhaire le cuidiú leo cinneadh a ghlacadh. Níl le déanamh acu ach a gcuid sonraí a chur isteach agus insíonn na bogearraí seo dóibh na poist a bheadh fóirsteanach dóibh. Nár mhaith an rud é dá mbíodh a leithéid agamsa agus mé ar scoil!"

Source: Examiner

2 Is cosúil nach n-ardaítear an cheist faoi líon na ndaoine atá ina gcodladh ar shráideanna na tíre seo go dtí an Nollaig achan bhliain. Shílfeá nach raibh daoine gan dídean ar bith ann an chuid eile den bhliain. I mí na Samhna, bhí mé ag fanacht i mBaile Átha Cliath. Chuaigh mé a shiúl thart ar an chathair. Bhí sé mall san oíche ach bhí neart daoine amuigh ar na sráideanna sa chathair ag ól agus ag ceol. Go tobann, labhair an fear óg seo liom agus d'iarr airgead orm.

Thosaigh muid a chomhrá agus d'aithin mé ar a chanúint gur de bhunadh Thír Chonaill é. De dheasca go raibh muid inár seasamh taobh amuigh agus é ag cur seaca, thairg mé deoch the a cheannach dó. D'inis an fear scéal a shaoil dom an oíche sin agus muid ag ól cupán caife. Scéal truacánta a bhí ann. Rinne lánúin as Leitir Ceanainn é a uchtú agus é ina pháiste óg. Nuair a fuair an bheirt a d'uchtaigh é bás, mhaígh seisean gur dúradh leis an teach a fhágail mar go raibh an chlann ag iarraidh an teach a dhíol. Bhí sé fágtha gan baile ar bith. Tháinig an galar dubh air. Chonacthas dó go raibh seirbhísí i bhfad níos fearr i mBaile Átha Cliath do dhaoine a raibh deacrachtaí acu agus tháinig sé chun na cathrach le húsáid a bhaint astu. Bíonn sé ag dul a chodladh achan oíche anois taobh amuigh d'Ardoifig an Phoist. D'inis sé dom nár ól sé aon alcól riamh, nár chaith sé toitíní agus go raibh fuath aige ar dhrugaí. Is iontach an scéalaí a bhí ann. Nuair a scar muid an oíche sin, thug mé roinnt euro dó le lóistín a chur in áirithe dó féin agus mhothaigh mé go ndearna mé difear beag i saol duine éigin.

Source: © Meon Eile / Below The Radar Ltd

This is the end of the recording.